An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar dhréachtsonraíocht Bhéarla na hArdteistiméireachta

Meitheamh 2025

# An Clár Ábhar

AN CLÁR ÁBHAR ..... III

RÉAMHRÁ ..... 1

CUID 1: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN ..... 3

Cur chuige i leith an chomhairliúcháin ..... 3

Freagraí ar an gcomhairliúchán ..... 4

CUID 2: AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN ..... 5

Tuairim faoin tsonraíocht, an réasúnaíocht, na haidhmeanna, príomhinniúlachtaí, snáitheanna agus torthaí foghlama. ..... 5

CMB - Béaltriail ..... 6

An Tasc Scríbhneoireachta Cruthaithí ..... 7

Tacaíochtaí do chur i bhfeidhm rathúil ..... 8

Saincheisteanna eile a tarraingíodh anuas le linn an chomhairliúcháin: téacsanna, ábhair dhualgais agus filíocht ..... 9

CUID 3: ÚDAIR MHACHNAIMH AGUS TÁTAL ..... 11

Údair Mhachnaimh ..... 11

Tátal ..... 12

TAGAIRTÍ ..... 13

AGUISÍN A HAON: LIOSTA NA RANNPHÁIRTITHE ..... 14

# Réamhrá

Foilsíodh An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022a) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna curaclaim atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fís maidir le sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagadh amach in Cothromas agus Sármhaitheas do Chách (An Roinn Oideachais, 2022.) Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófaí sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinsí. Cuirfear athfhorbairt ábhair Thráinse 2 i gcrích in 2025 lena dtabhairt isteach sna scoileanna in 2026. Cuimsítear athfhorbairt na sonraíochta le haghaidh Bhéarla na hArdteistiméireachta i dTráinse 2.

Cuireadh dréachtsonraíocht Bhéarla na hArdteistiméireachta ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí náisiúnta idir an 3 Márta agus an 2 Bealtaine 2025. Ba é aidhm an chomhairliúcháin réimse leathan dearcthaí a fháil ón bpobal agus ó réimse leathan páirtithe leasmhara maidir leis an gcuraclam agus socruithe measúnaithe sa dréachtsonraíocht le haghaidh Bhéarla na hArdteistiméireachta. Tacaíonn an t-aiseolas ón gcomhairliúchán leis an meitheal forbartha an tsonraíocht a thabhairt i gcrích.

Ba iad seo a leanas na príomhréimsí fócais laistigh den chomhairliúchán:

- Réasúnaíocht agus aidhmeanna
- Príomhinniúlachtaí
- Struchtúr an chúrsa, snáitheanna agus torthaí foghlama, lena n-áirítear soiléireacht agus comhleanúnachas
- Comhpháirteanna measúnaithe sa bhreis
- Tacaíochtaí a bhfuil gá leo do chur i bhfeidhm rathúil.

Léiríonn na freagraí a tugadh sa chomhairliúcháin go bhfuil dearcadh an-dearfach ann i leith na sonraíochta ar an iomlán. Bhraith cuid mhór daoine go raibh eagrú neamhlíneach na snáitheanna cosúil leis an gcur chuige a glacadh i leith an tsiollabais atá ann faoi láthair. Cuireadh fáilte roimh an gcur chuige sin a raibh cur amach acu air.

Moladh go mór an cur chuige a glacadh maidir le labharthacht a chur chun cinn sa tsonraíocht. Bhíothas den tuairim gur chuir sé sin ar bhealach dearfach le leanúnachas agus dul chun cinn ó chreataí na bunscoile agus na sraithe sóisearaí agus measadh gur chuir sé le forbairt dhearfach na scileanna cumarsáide a bhfuil gá leo don saol i ndiaidh na scoile.

Dearbhaíodh gur gabhadh leis an Réasúnaíocht agus na hAidhmeanna a luadh don ábhar an méid a bhí lárnach don ábhar agus don mhéid atáimid ag iarraidh a bheith ar eolas ag ár scoláirí, mar aon leis an méid ba cheart dóibh a bheith in ann a dhéanamh agus a thuiscint trína staidéar ar an mBéarla sa tSraith Shinsearach.

Bhíothas dearfach ar an mórgóir maidir le fairsinge, doimhne agus ilchineálacht an rannpháirteachais théacsúil a shamhlaítear sa tsonraíocht. Chuir lear mór rannpháirtithe fáilte roimh an deis le heispéiris chultúrtha éagsúla a aithint ina seomraí ranga trí chumas gníomhúcháin múinteoirí agus scoláirí maidir le téacsanna a thoghadh agus rogha ina leith. Bhí díomá ar roinnt daoine nach ndearnadh tuilleadh nuálaíochta a mhéid a bhaineann leis an gcur chuige i leith staidéar ar an bhfilíocht agus nár tapaíodh an deis le níos mó filí agus filíocht níos ilchineálaí agus níos comhaimseartha a chuimsiú.

Ba láidir an dearbhú a bhí ann maidir le comhpháirt mheasúnaithe ó bhéal a chuimsiú agus maidir le ham agus spás a chuimsiú chun scileanna scríbhneoireachta cruthaithí a fhorbairt.

Bhí imní ar dhaoine áirithe maidir leis an gcaoi a gcuirfí an chomhpháirt mheasúnaithe ó bhéal i bhfeidhm agus faoin tionchar diúltach a bhaineann le IS agus barántúlacht an taisc scríbhneoireachta cruthaithí a chuirfí isteach.

Tabharfar níos mó eolais ar ghnéithe na dtorthaí ginearálta seo sna codanna seo a leanas den tuairisc. Tugtar achoimre i gCuid a hAon ar an bpróiseas comhairliúcháin. Tugtar léargas i gCuid a Dó ar an aiseolas ón gcomhairliúchán agus tá na príomhúdair mhachnaimh agus tátail le fáil i gCuid a Trí.

# Cuid 1: An Próiseas Comhairliúcháin

Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle. Sa chuid seo a leanas, tá forléargas ar an gcur chuige a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2023) CNCM mar bhunús leis agus tá achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

## Cur chuige i leith an chomhairliúcháin

Bhí roinnt modhanna rannpháirtíochta i gceist i rith an phróisis comhairliúcháin ocht seachtaine le hathbhreithniú a dhéanamh ar an mBéarla:

- Suirbhé ar líne
- Aighneachtaí scríofa
- Dhá imeacht comhairliúcháin phoiblí
- Cuairteanna scoile le fócasghrúpaí a rinneadh i dtrasghearradh scoileanna chun léargas a fháil ó mhúinteoirí, ó scoláirí agus ó cheannairí scoile.

Roghnaigh na rannpháirtithe féin an suirbhé ar líne a fhreagairt, aighneacht scríofa a dhéanamh agus/nó freastal ar na himeachtaí comhairliúcháin phoiblí. Ó thaobh na bhfócasghrúpaí scoilbhunaithe, roghnaíodh trasghearradh scoileanna as measc an 55 scoil a léirigh spéis chun páirt a ghlacadh i bhforbairtí ar Bhéarla na hArdteistiméireachta. Roghnaíodh na hocht scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Bhí na cuairteanna ar na scoileanna sin ar siúl idir an 26 Márta agus an 10 Aibreán 2025 agus cuimsíodh leo cruinnithe fócasghrúpa le scoláirí, le múinteoirí Bhéarla na hArdteistiméireachta agus le ceannairí scoile, mar a léirítear i dTábla 1. Thoiligh scoláirí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine páirt a ghlacadh sna fócasghrúpaí, agus lorgaíodh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe i gcuairteanna ar scoileanna a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Rinneadh taifeadadh scríofa ar na seisiúin phlé ar fad le linn fócasghrúpaí agus cuairteanna scoile. Coinníodh príobháideachas rannpháirtithe uile an chomhairliúcháin tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht nó duine aonair cead soiléir go n-ainmneofaí iad mar rannpháirtithe sa chomhairliúchán. Coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2023). I gcomhréir leis an Treoir maidir le Sonraí Oscailte agus Faisnéis na Seirbhíse Poiblí (2021), déanfar sonraí ón gcomhairliúchán seo a anaithnidiú agus a thabhairt le chéile agus cuirfear iad ar fáil in éineacht leis an tuarascáil ar an suíomh gréasáin www.ncca.ie.

Scaipeadh an suirbhé ar líne ar MS Forms ar shuíomh gréasáin ncca.ie. Bhí an suirbhé dírithe ar na príomhréimsí fócais ar a dtugtar breac-chuntas sa réamhrá. I bhfianaise na gceisteanna maidir le cur i bhfeidhm a bheadh ag baint le measúnú ó bhéal i mBéarla, cuireadh ceisteanna sonracha breise leis an suirbhé ar líne chun impleachtaí córasacha na comhpháirte seo a thomhas, lena n-áirítear a iarraidh ar na freagróirí a thoilteanaí a bheidís measúnú a dhéanamh ar an gcomhpháirt seo ar son Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus maidir leis an uainiú ab fhearr leo don chomhpháirt seo.

Dhírigh na himeachtaí comhairliúcháin phoiblí agus na cuairteanna scoile ar na réimsí fócais céanna a clúdaíodh sa suirbhé ar líne agus tugadh deiseanna chun na réimsí sin a fhiosrú agus a iniúchadh a thuilleadh le linn an chomhrá. Leis na fócasghrúpaí scoilbhunaithe, bhíothas in ann léargas níos doimhne a fháil ar an dréachtsonraíocht ó scoláirí agus múinteoirí agus léargas a fháil ar dhearcthaí ceannairí scoile.

Bhí na haighneachtaí scríofa faoi stiúir na réimsí fócais ceanna a bhí sa suirbhé ar líne, sna cuairteanna scoile agus fócasghrúpaí, agus leo sin bhíothas in ann réimsí spéise ar leith a bhaineann le heagraíochtaí agus páirtithe leasmhara a fhiosrú.

## Freagraí ar an gcomhairliúchán

Osclaíodh an suirbhé ar líne ar an 3 Márta agus dúnadh ar an 2 Bealtaine ar 5.00pm é. I rith na tréimhse sin, bailíodh 254 freagra ó raon leathan páirtithe leasmhara mar atá leagtha amach thíos. Tá breac-chuntas ar líon na múinteoirí, na scoláirí agus na gceannairí scoile a ghlac páirt sna fócasghrúpaí scoile i dTábla 1 freisin. Bhí dhá imeacht comhairliúcháin ann. Bhí an chéad cheann ar siúl i mBaile Átha Luain ar an 25 Márta maille le dhá ábhar eile i dTráinse 2. Reáchtáladh an dara himeacht le haghaidh comhairliúchán ar an tsonraíocht Bhéarla agus chun na críche sin amháin. Bhí sé ar siúl ar an 30 Aibreán i mBaile Átha Cliath. Bhí rannpháirtithe a bhí cláraithe mar mhúinteoirí, tuismitheoirí, léachtóirí tríú leibhéal agus scoláirí páirteach sa dá imeacht. Tá breac-chuntas ar shonraí iomlána na rannpháirtithe a ghlac páirt sna modhanna éagsúla comhairliúcháin i dTábla 1.

| Modh comhairliúcháin | Forbhreathnú ar na rannpháirtithe | Líon |
|---|---|---|
| Suirbhé ar líne | Múinteoir: 198<br>Scoláire dara leibhéal: 26<br>Tuismitheoir/Caomhnóir: 14<br>Oideoir múinteoirí: 4<br>Teiripeoir urlabhra agus teanga: 4<br>Múinteoir agus tuismitheoir: 2<br>Mac léinn breisoideachais / ardoideachais: 2<br>Mac Léinn MGO: 2<br>Príomhoide/Príomhoide ionaid iar-bhunscoile: 2 | 254 |
| Cuairteanna Scoile | Múinteoirí: 39<br>Ceannaireacht scoile: 15<br>Scoláirí: 61 | 115 |
| Imeachtaí Comhairliúcháin | Baile Átha Luain: 32<br>Baile Átha Cliath: 74 | 106 |

| | | |
|---|---|---|
| Aighneachtaí ar Líne | Eagraíochtaí: 9<br>Daoine aonair: 6 | 15 |

*Tábla 1: Leibhéal rannpháirtíochta ar fud an chomhairliúcháin*

# Cuid 2: Aiseolas ón gcomhairliúchán

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Díríodh sa chomhairliúchán ar an réasúnaíocht, na haidhmeanna agus na príomhinniúlachtaí, struchtúr an chúrsa, snáitheanna agus torthaí foghlama; na comhpháirteanna measúnaithe sa bhreis; agus na tacaíochtaí maidir le cur i bhfeidhm. Is féidir na torthaí a ghrúpáil faoi na ceannteidil/téamaí seo a leanas:

- Tuairim ghinearálta faoin tsonraíocht, an réasúnaíocht, na haidhmeanna, príomhinniúlachtaí, snáitheanna agus torthaí foghlama
- Comhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CMB) - Béaltriail
- CMB - Tasc Scríbhneoireachta Cruthaithí
- Tacaíochtaí do chur i bhfeidhm rathúil.

Úsáidtear an fhaisnéis, a bailíodh ó na freagraí ar na ceisteanna a cuireadh i rith an chomhairliúcháin, sa tráchtaireacht ar gach téama sa chuid seo.

Sa chuid seo den tuarascáil cuirtear réimsí eile i láthair freisin, réimsí nár glacadh comhairle maidir leo ar bhonn díreach, ach a shíl an dream a bhí páirteach sa chomhairliúchán a bheith ábhartha d'fhorbairt Bhéarla na hArdteistiméireachta.

## Tuairim faoin tsonraíocht, an réasúnaíocht, na haidhmeanna, príomhinniúlachtaí, snáitheanna agus torthaí foghlama.

Bhí an t-aiseolas foriomlán ón gcomhairliúchán ar an réasúnaíocht, na haidhmeanna agus an struchtúr an-dearfach go deo. Bhíothas ar aon fhocal go ngabhann an Réasúnaíocht agus na hAidhmeanna cuspóir agus nádúr Bhéarla na hArdteistiméireachta. Ba mhór an tacaíocht a léiríodh maidir le cuimsiú na litearthachta criticiúla, na cruthaitheachta agus an bhéim a cuireadh ar scileanna cumarsáide. Chuir roinnt rannpháirtithe in iúl go mb'fhearr leo go gcuirfí béim níos mó ar fhorbairt na hionbhá agus na freagartha pearsanta agus go mbeadh fócas ní ba láidre ann ar anailís théacsúil chriticiúil. Bhí argóint ar son bhaint na litearthachta criticiúla mar aidhm i roinnt bheag aighneachtaí i scríbhinn.

San aiseolas maidir leis an struchtúr agus na snáitheanna, bhí aigne iontach dearfach ann maidir leis an gcur amach ar an gcaoi a bhfuil an cúrsa struchtúrtha. Luaigh na freagróirí go bhfuil cineál neamhlíneach an chúrsa cosúil leis an mbealach a múintear an siollabas reatha agus chuir siad fáilte roimh an gcur chuige sin. Bhí glacadh an-dearfach le líon na dtorthaí foghlama agus leis an

gcaoi ar uimhríodh iad. Bhraith na freagróirí go ngabhtar leis na Torthaí Foghlama an fhoghlaim ar cheart do na scoláirí dul ina bun sa seomra ranga agus go soláthraítear leis an gcolún 'Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas' leibhéal gnéitheachta a bheadh ina chuidiú le linn pleanála. Rinneadh roinnt plé ar úsáid an fhocail 'srl.' sa cholún 'Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas'. Chuir cuid mhór daoine fáilte roimh úsáid an fhocail sin óir go dtabharfadh sé saoirse do mhúinteoirí go pointe áirithe maidir leis an bpleanáil a chur in oiriúint agus leas a bhaint as a gcumas gníomhúcháin mar fhreagairt ar riachtanais a gcuid scoláirí. Léiríonn sé úsáid an fhocail i scéimeanna marcála traidisiúnta freisin le go mbeadh cuir chuige eile nó cinn úrnua i leith téacsanna chomh bailí céanna. Cuireadh roinnt imní in iúl go bhféadfadh úsáid an fhocail 'srl.' teacht chun bheith ina pionós sa scrúdú scríofa deiridh ina bhféadfaí tascanna sonracha nach bhfuil sa tsonraíocht a éileamh ar scoláirí. Cuireadh roinnt imní in iúl maidir le cuimsiú na bhfocal "teicneolaíocht dhigiteach atá ar fáil" sa cholún 'Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas' i Snáithe 2: Ag Cruthú, agus cé acu a cheadófaí nó nach gceadófaí úsáid teicneolaíocht IS sa seomra ranga leis sin, nó a spreagfaí nó nach spreagfaí é sin fiú.

Ba ann do líon beag freagróirí a rinne plé ar na tagairtí a úsáideadh i ngluais na dréachtsonraíochta. Cé gur áiríodh na tagairtí sin chun soiléireacht agus tacaíocht taighde a chur ar fáil le haghaidh na gcur chuige a mholtar sa tsonraíocht, luaigh roinnt daoine go bhféadfadh an tsonraíocht dul as dáta sa todhchaí de dhroim chuimsiú na dtagairtí do Dhearadh Uilíoch i gcomhair Foghlama (DUF) agus go raibh cuimsiú na dtagairtí don mhéid is bonn fealsúnach faoin litearthacht chriticiúil seanchaite agus go bhféadfaí breathnú air sin mar rud polaitiúil.

## CMB - Béaltriail

Ba é cuimsiú béaltrialach mar chomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis a spreag an chuid ba mhó den phlé ar fud na modhanna comhairliúcháin, rud is féidir a thuiscint, i bhfianaise a dhifriúla atá sé sin le modhanna traidisiúnta measúnaithe san ábhar seo. Chuir formhór mór na bhfreagróirí fáilte roimh chuimsiú chomhpháirt na béaltrialach agus roimh an tionchar dearfach a bheadh aige sin ar an mbéim ar labharthacht sa seomra ranga. Labhair cuid mhór daoine faoin leanúnachas le Measúnú Rangbhunaithe (MRB) 1 i mBéarla na Sraithe Sóisearaí agus an bhéim ar labharthacht i gCreatchuraclam na Bunscoile mar aon leis an tionchar dearfach ar inniúlacht chumarsáideach a mbeadh éifeachtaí leitheadacha aige do scoláirí de réir mar a théann siad ar aghaidh go dtí an breisoideachas nó an t-ardoideachas, an tríú leibhéal, saol na hoibre, agus an tionchar níos leithne orthu mar dhaoine aonair gníomhaíocha ina saol i ndiaidh na scoile. Cé gur luaigh cuid mhór daoine go raibh neart oideolaíochtaí dioscúrsacha á gcuimsiú acu ina seomra ranga cheana féin, dá gcuimseodh béaltriail mar chomhpháirt mheasúnaithe, bheadh bunús agus stádas leis an obair sin mar chuid den mheasúnú suimitheach ar an ábhar. Chuir siad fáilte roimh an teideal "Béaltriail" freisin óir gur bhraith siad go raibh a fhios acu a raibh i gceist le béaltriail agus gur téarma é a bhfuil cur amach ag scoláirí, a dtuismitheoirí agus ag an gcóras air.

Tarraingíodh imní anuas maidir le cur i bhfeidhm na comhpháirte seo agus ba é uainiú na béaltrialach a spreag an chuid ba mhó den phlé. Chuir roinnt daoine fáilte roimh an moladh an measúnú sin a dhéanamh ag deireadh an chúigiú bliain, ar daoine iad sin a bhraith, cé gurbh é a bheadh mar thoradh air sin ná go mbeadh tuiscint dhifriúil ann ar an staidéar comparáideach agus go mbeadh an leibhéal forbartha sna freagraí difriúil leis an gcohórt reatha a ndéantar measúnú air ag deireadh cúrsa dhá bhliain, go bhféadfadh sé béim nach beag a dhíriú ar obair an chúigiú bliain

agus go mbeadh rannpháirteachas níos marthanaí le sonrú ó na scoláirí dá thoradh sin. Bhí daoine eile den tuairim go raibh deireadh an chúigiú bliain róluath le measúnú a dhéanamh ar an staidéar comparáideach ó tharla gurb iondúil go bhforbraítear na scileanna sin tráth níos faide anonn sa chúrsa. D'iarr daoine áirithe go ndéanfaí an measúnú ó bhéal a aistriú isteach sa séú bliain, agus é á ailíniú leis na béaltrialacha eile do theangacha faoi Cháisc sa séú bliain, b'fhéidir. Mhol daoine áirithe gurbh é Meitheamh an chúigiú bliain an tráth ab oiriúnaí ós rud é nach mbeadh scoileanna thíos le líon na scrúdaitheoirí ba ghá chun tabhairt faoin measúnú agus go mbeadh an bhliain iomlán ag scoláirí lena gcuid staidéir sa réimse seo a chur i gcrích. Agus plé á dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le scrúdú a reáchtáil faoi Cháisc sa chúigiú bliain, bhraith lear mór daoine go gcuirfeadh sé sin srian leis an am a bheadh ar fáil chun na scileanna comparáide is gá a fhorbairt. Luaigh daoine eile go bhféadfaí tabhairt faoin measúnú sa bhriseadh lár téarma i mí Dheireadh Fómhair an tséú bliain, ach cuireadh imní in iúl maidir le folláine na scoláirí agus srian le briseadh na Cásca cheana féin de dhroim na mbéaltrialacha i dteangacha eile. D'fhreagair os cionn 60% de na freagróirí sa suirbhé ar líne agus os cionn 90% díobh siúd a ghlac páirt sna fócasghrúpaí nó sna himeachtaí comhairliúcháin go ndéanfaidís an chomhpháirt sin a scrúdú ar son CSS agus go gcuirfidís fáilte roimpi mar dheis chun dul i mbun foghlaim thar a bheith praiticiúil agus gairmiúil. Luaigh roinnt mhaith múinteoirí, cé nach ndearna siad an scrúdú scríofa a mharcáil riamh, gur stíl dhifriúil scrúdaithe a bhí sa bhéaltriail agus gur mhó spéis a bheadh acu measúnú a dhéanamh uirthi.

Rinneadh plé nach beag ar stíl na gceisteanna a bheadh le húsáid sa scrúdú seo. Dhírigh cuid mhór daoine ar an tábhacht atá le comhrá barántúil dhá bhealach agus gur gá freagraí foghlamtha de ghlanmheabhair a sheachaint. Bhí daoine áirithe ar a gcoimhéad ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag blas, canúint nó úsáid na gnáthchainte nádúrtha ar na marcanna a thabharfaí agus d'iarr siad go gcuirfí treoir agus rúibricí soiléire ar fáil a luaithe is féidir. Rinneadh plé freisin ar a oiriúnaí atá an chomparáid le bheith i lár an aonaigh sa chomhrá. Bhraith roinnt daoine go bhfuil an cheist chomparáideach i struchtúr an scrúdaithe mar atá faoi láthair tar éis éirí ciotach agus nach láimhseálann scoláirí go maith í. Luadh ar an lámh eile go bhféadfadh comhrá barántúil le scrúdaitheoir a chur ar chumas scoláirí a gcuid léargais a chur in iúl ar bhealach ní b'éifeachtaí. Bhraith daoine eile nach mbeadh an chomparáid oiriúnach i gcomhpháirt na béaltrialach de dhroim a chineáil chasta agus go mb'fhéidir gurbh fhearr a bheadh filíocht nó an téacs aonair lena scrúdú sa mhodh seo. Ba mhór an imní a cuireadh in iúl i dtaobh an freastal réasúnta a chur i bhfeidhm don chomhpháirt seo. Cé gur chuir scoláirí a raibh disléicse orthu agus a raibh riachtanais bhreise foghlama acu in iúl gurbh fhearr leo béaltriail ná comhpháirt scríofa, b'iomaí ábhar imní a cuireadh in iúl i gcás scoláirí a bhfuil buairt orthu nó a bhfuil bac sa chaint nó riachtanais phróiseála acu agus éilíodh go bhfreastalófaí ar na scoláirí úd go cothrom le struchtúr an scrúdaithe. Cuireadh imní in iúl freisin do na scoláirí siúd nárbh é Béarla a gcéad teanga é agus a d'fhéadfadh a bheith thíos leis an modh measúnaithe seo dá thoradh sin. Mar sin féin, tugadh faoi deara gur minic a thagann forbairt na scileanna teanga ó bhéal roimh fhorbairt na scileanna teanga ar pár agus gurb amhlaidh a d'fhéadfadh scoláirí a bhfuil an Béarla mar Theanga Bhreise (BTB) acu tairbhe a bhaint as béaltriail sa Bhéarla.

## An Tasc Scríbhneoireachta Cruthaithí

Ba é an Tasc Scríbhneoireachta Cruthaithí beartaithe ba chúis leis an gcuid ba mhó den imní ar fud gach modha den chomhairliúchán. Cé go rabhthas den tuairim go raibh uaillmhian an CMB le

moladh, is é sin am agus spás a chur ar fáil le scileanna scríbhneoireachta cruthaithí a fhorbairt, braitheadh go raibh tionchar na teicneolaíochta IS atá de shíor ag méadú ina shárú ar na gnéithe dearfacha den tasc. Tharraing tromlach na rannpháirtithe ábhair imní anuas maidir le cumas na múinteoirí agus an chórais obair scoláirí a dheimhniú agus faoi na deacrachtaí a bhaineann le cothromas a chinntiú sa ghné seo den mheasúnú. D'éiligh lear mór díobh go ndéanfaí an chuid sin den tsonraíocht a atheagrú ó bhonn le cothrom na Féinne agus cothromas a chinntiú do scoláirí agus modh bailí iontaofa measúnaithe a chinntiú. Sna fócasghrúpaí scoilbhunaithe ina rabhthas in ann na saincheisteanna sin a chíoradh a thuilleadh, mhol an dúrud daoine go dtabharfaí timpeallacht rialaithe isteach leis an leagan deiridh den tasc a chur ar pár. Leis sin chuirfí am agus spás ar fáil chun smaointe a fhorbairt mar fhreagairt ar threoir agus d'aithneofaí an tábhacht atá le próiseas tosaigh dréachtaithe le go bhféadfaí scileanna cruthaitheacha a fhorbairt. Ar an lámh eile, chinnteofaí leis sin freisin, ar bhealach éigin, gur obair dhílis an scoláire a bheadh sa phíosa deiridh. Mhol go leor daoine timpeallachtaí rialaithe amhail na cinn siúd a bhíonn i gceist do scoláirí a thugann faoin measúnú Ealaíne mar réiteach féideartha. Cé gur áitigh daoine áirithe gurbh é a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air sin ná foghlaim de ghlanmheabhair agus aiste a chur de ghlanmheabhair lena hathscríobh amach sa timpeallacht rialaithe, d'áitigh siad freisin gurbh é sin an t-aon réiteach amháin é lena gcinnteofaí bailíocht de shaghas éigin sa mheasúnú an tráth seo de dheasca na mbagairtí leanúnacha méadaitheacha a chuireann IS romhainn. Bhraith daoine eile a raibh taithí acu ar obair chúrsa a chuirtear isteach i réimsí ábhair eile go bhféadfaí an fhorbairt leanúnach ar obair a bhainistiú sa seomra ranga. Chuir daoine eile argóintí i láthair ar son measúnú a bheadh níos bunaithe ar phróiseas, ina mbeadh an luach ceannann céanna ag baint leis na dréachtaí agus na tráthanna machnaimh a ghabhtar mar chuid den phróiseas dréachtúcháin leis an táirge deiridh, mura rud é gur mhó an luach a bheadh leo ná an táirge deiridh, fiú.

I measc na dtuairimí eile a cuireadh in iúl ar an CMB seo bhí imní go nglacfaí leis, de bharr an teidil 'Tasc Scríbhneoireachta Cruthaithí', nach mbeadh luach ach le gearrscéalta a scríobh agus go mbeadh an chuma ar chúrsaí nach nglacfaí le cineálacha eile scríbhneoireachta, amhail aistí dioscúrsacha agus óráidí, nó gur lú luach a bheadh ag baint leo.

## Tacaíochtaí do chur i bhfeidhm rathúil

Ba í an chéad ghné den dréachtsonraíocht a bhí ina cúis le himní agus éilimh ar thacaíochtaí breise ná an ráiteas go raibh an cúrsa seo deartha lena chur i gcrích laistigh de 180 uair an chloig ar a laghad. Thug na freagróirí samplaí éagsúla de sholáthar Béarla i scoileanna a mhair idir 210 agus 260 uair an chloig ar fud an dá bhliain den staidéar sa tsraith shinsearach. Chuir na freagróirí imní in iúl gur laghdú ar an méid uaireanta a shanntar faoi láthair é 180 uair an chloig. Chun tacú le feidhmiú na sonraíochta agus í a chur i ngníomh, rud lena gcuimsítear forbairt scileanna ó bhéal anois, éilíodh go ndéanfaí an ghné sin den tsonraíocht a leasú.

Ar fud gach modha den chomhairliúchán, éilíodh go dtabharfaí treoirlínte agus rúibricí soiléire i leith an mheasúnaithe chun soiléireacht a chur ar fáil do mhúinteoirí maidir le pleanáil sula dtabharfaí isteach an cúrsa. Ba mhór an plé a rinneadh ar eispéiris roimhe sin maidir le Foghlaim Ghairmiúil do mhúinteoirí mar chuid de chur i bhfeidhm shonraíocht Bhéarla na Sraithe Sóisearaí. Chuir lear mór daoine in iúl go raibh gá le soiléireacht agus leanúnachas i dtaobh na dteachtaireachtaí a thugtar lena chinntiú go gcuirtear an tsonraíocht seo i bhfeidhm go réidh éasca. Go sonrach, iarradh go gclúdófaí le foghlaim ghairmiúil ardinniúlacht a fhorbairt maidir le scileanna ó bhéal a chothú, critéir shoiléire ratha a sholáthar, mar aon le ceisteanna samplacha

agus taifeadtaí de bhéaltrialacha samplacha. Iarradh treoir shoiléir maidir le freastal réasúnta do scoláirí freisin chun tacú le múinteoirí agus iad ag ullmhú a gcuid scoláirí do na comhpháirteanna measúnaithe.

D'iarr go leor daoine go mbeadh tacaíochtaí níos mó ar fáil do scoileanna chun an tsonraíocht a chur i bhfeidhm, cuir i gcás tacaíocht TF agus rochtain ar mheáin amhail léirithe drámaí nó rochtain ar scannáin dualgais. Cuireadh in iúl go mbeadh gá le tuilleadh rannpháirteachais le TF sa seomra ranga Béarla ná mar atá ann i láthair na huaire dá gcuimseofaí an Tasc Scríbhneoireachta Cruthaithí, ina bhfuil dréachtú agus athdhréachtú i gcroílár eispéireas na scoláirí. Cé gur thacaigh cuid mhór daoine le forbairt na scileanna digiteacha sin mar chuid d'ullmhúchán na scoláirí i leith an tsaoil i ndiaidh na scoile, bhí imní ar go leor acu gur mhó an t-éagothromas a bheadh ann sa chóras mura mbeadh na tacaíochtaí a bhfuil gá leo ar fáil. Rinne cuid mhór daoine plé ar a dheacra a bhíonn sé teacht ar ábhar ar an liosta téacsanna, go háirithe na scannáin nó na drámaí dualgais. Rinne múinteoirí tagairt do scannáin a bhíodh ar shuíomhanna sruthaithe ach a baineadh anuas dá éis sin agus cheistigh siad an mbeadh ardán coiteann ar a bhféadfaí drámaí agus scannáin dualgais a chur ar fáil do scoileanna ina rogha inoibrithe chun tacú le cur i bhfeidhm.

Chun tacú leis an gcomhpháirt mheasúnaithe ó bhéal, rinneadh tagairt do thacaíochtaí córasacha éagsúla. Luaigh cuid díobh an gá atá le cúnamh breise i leith scrúduithe do scoileanna agus béaltriail an Bhéarla á reáchtáil chun tacú le cur i bhfeidhm. Luaigh múinteoirí go mbeidís sásta comhpháirt na béaltrialach a scrúdú ar son Choimisiún na Scrúduithe Stáit fad is a bheadh an luach saothair i gcomhréir leis an obair.

## Saincheisteanna eile a tarraingíodh anuas le linn an chomhairliúcháin: téacsanna, ábhair dhualgais agus filíocht

Bhí leibhéal ard tacaíochta ann ar fud na bhfreagraí don bhéim ar éagsúlacht na dtéacsanna ar cheart do scoláirí teacht orthu agus dul ina mbun. Luaigh roinnt mhaith freagróirí an ghné ilchineálach agus il-eitneach den seomra ranga Béarla agus mhol an chuid ba mhó díobh an bhéim ar dhearcthaí agus léirithe líonmhara a chur i láthair sa rogha téacsanna atá ar fáil, a bhfuil breac-chuntas ar an mbéim sin sa tsonraíocht. Léiríodh go fada fairsing an gá atá le cumas gníomhúcháin agus rogha múinteoirí maidir le toghadh na dtéacsanna chun freagairt do na riachtanais éagsúla a dtagtar orthu sa seomra ranga. Rinneadh plé fairsing freisin ar an riachtanas le staidéar a dhéanamh ar Shakespeare. Cé gur chuir slám daoine in iúl gur mhian leo an riachtanas le staidéar a dhéanamh ar Shakespeare a choinneáil ar bun ar an ardleibhéal, ba mhór an plé a rinneadh maidir leis na srianta a bhain leis sin d'eispéireas na scoláirí agus tarraingíodh ceisteanna anuas freisin maidir leis an ngá atá leis an riachtanas sin. Tugadh le fios freisin go mbeadh fáilte roimh shíneadh leis an tréimhse a mhair téacs ar an liosta téacsanna lena chinntiú go mbeadh cur amach ag múinteoirí ar inneachar an chúrsa. Mar sin féin, chuir roinnt daoine fáilte roimh an gcaoi a n-athraítear na téacsanna ar an liosta sin i láthair na huaire óir go gcuireann sé athbheochan sa chúrsa agus is féidir téacsanna nua a leagan amach réasúnta sciobtha. Rinneadh roinnt plé ar an bhfrása "dhá théacs ar a laghad" a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar an riachtanas le Snáithe Comparáide. Cé gur chuir go leor daoine in iúl go b'fhearr leo go mbeadh soiléireacht ann maidir lena lua cibé acu atá dhá théacs nó trí théacs ag teastáil ar mhaithe le cothromas a chinntiú sa chóras, dúirt daoine eile gur féidir cuir chuige dhifriúla a ghlacadh a bhuí leis an treoir a thugtar, ag brath ar an rang nó ar na téacsanna a roghnaítear. Toisc eile a mbeadh tionchar aici ar an

bpróiseas cinnteoireachta sin is ea uainiú chomhpháirt na béaltrialach lena bhféadfaí gearradh siar go mór ar an am a bheadh ar fáil don staidéar comparáideach.

Ar fud an chomhairliúcháin bhí plé ann ar staidéar na filíochta agus bhí díomá ar dhaoine áirithe nach ndearnadh níos mó le hathbheochan a chur sa ghné sin den chúrsa. Tarraingíodh an díol imní anuas sa cháipéis eolais go raibh an iomarca filí agus filíochta á leagan síos le staidéar a dhéanamh orthu ar an ardleibhéal agus ar an ngnáthleibhéal agus éilíodh leithdháileadh mór ama sa seomra ranga leis sin, rud a chuir srian le rannpháirteachas barántúil leis an bhfilíocht. Laghdaíodh líon na bhfilí le staidéar a dhéanamh orthu sa dréachtsonraíocht ó ochtar filí go cúigear ar an ardleibhéal. Bhí an fhreagairt ar an athrú sin sa chomhairliúchán sách diúltach. Chonacthas do na rannpháirtithe nach ionann an laghdú ar líon na bhfilí agus laghdú ar an ualach oibre, óir gurb iomaí scoláire a roghnaíonn cúigear filí ón liosta le staidéar a dhéanamh orthu cheana féin. Is éard a bheadh ann anois, dar leo, ná laghdú ar rogha agus cumas gníomhúcháin na múinteoirí. Bhíothas den tuairim gur beag éagsúlacht agus ábharthacht chomhaimseartha a bhí ag baint leis na filí ar an liosta don ardleibhéal de dheasca an riachtanais rogha filíochta a bheith ann as bailiúchán saothar. Chonacthas dóibh go raibh an liosta atá ar fáil ar an ngnáthleibhéal, lena gcuimsítear dánta aonair ó mhustar mór filí, ní b’éagsúla, ní b’ábhartha agus ní ba tharraingí do scoláirí. D’éiligh roinnt daoine go ndéanfaí athsmaoineamh ar an ngné sin den chúrsa le gur féidir dul i mbun rannpháirteachas níos doimhne le líon níos lú filí, ar fud roinnt téamaí, b’fhéidir, mar a dhéantar sa chur chuige a leagtar síos sa Ríocht Aontaithe.

# Cuid 3: Údair Mhachnaimh agus Tátal

## Údair Mhachnaimh

Ar an iomlán, glacadh go hiontach maith leis an dréachtsonraíocht do Bhéarla na hArdteistiméireachta agus bhain an comhairliúchán a chuspóir amach maidir le tús a chur le cur agus cúiteamh ar ghnéithe lárnacha de dhearadh an ábhair athfhorbartha, go háirithe plé maidir le comhpháirt na béaltrialach a thabhairt isteach mar chuid de na modhanna measúnaithe agus breithniú ar na himpleachtaí córasacha a bhaineann leis sin.

Bhreithnigh an mheitheal forbartha an t-aiseolas ón gcomhairliúchán le linn dóibh an tsonraíocht Bhéarla a chur i gcrích.

Ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas lena mbreithniú sa chomhthéacs sin, bhí:

- An ról a bheadh ag an litearthacht chriticiúil sa tsonraíocht.
- Tagairtí a chuimsiú sa ghluais chun tacú le soiléireacht agus an fhéidearthacht go n-éireodh an tsonraíocht seanchaite de dheasca na dtagairtí sin.
- Úsáid an fhocail ‘srl.’ sa cholún ‘Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas’ agus foclaíocht Torthaí Foghlama ar leith.
- Tacú le héagsúlacht na dtéacsanna atá ar fáil do mhúinteoirí chun tacú le léiriú, cumas gníomhúcháin agus rogha.
- Soiléireacht maidir le líon na dtéacsanna is gá don staidéar comparáideach.
- An ról a bheadh ag Shakespeare sa tsonraíocht i bhfianaise na srianta a bhaineann lena chuimsiú mar riachtanas de thairbhe thabhairt isteach chomhpháirt na béaltrialach.
- Bealaí le bheith nuálach i dtaobh an chur chuige i leith na filíochta sa tsonraíocht i gcomhréir le hiarrataí filíocht níos éagsúla, níos ionadaíche agus níos comhaimseartha a chuimsiú.
- Ainm an dara CMB agus bealaí leis an tionchar diúltach a d’fhéadfadh a bheith ag IS ar bharántúlacht agus iontaofacht na comhpháirte sin a mhaolú.

Rinne an mheitheal forbartha breithniú ar roinnt aiseolais a tarraingíodh anuas sa chomhairliúchán freisin chun comhairle a thabhairt maidir le saincheisteanna eile a bhfuil impleachtaí acu do chur i bhfeidhm rathúil, in ainneoin iad a bheith taobh amuigh de raon feidhme na sonraíochta. Ar na saincheisteanna sin, tá:

- Uainiú chomhpháirt na béaltrialach i bhfianaise na bpléití ar an tionchar a bheadh aige sin ar fhoghlaim agus raon an chúrsa.
- Stíl na gceisteanna, na rúibricí agus freastal réasúnta a rachaidh i gcion ar chomhpháirt na béaltrialach.
- Na tacaíochtaí a bhfuil gá leo le haghaidh chur i bhfeidhm rathúil na sonraíochta mar a tarraingíodh anuas le linn an phróisis comhairliúcháin.

## Tátal

Tugadh neart faisnéise sa phróiseas comhairliúcháin. Aithnítear rannpháirtíocht na ndaoine sin a ghlac páirt sa chomhairliúchán agus tá CNCM buíoch as an aiseolas a fuarthas. Léirítear san aiseolas ón gcomhairliúchán go bhfuil dearcthaí an-dearfach ar an dréachtsonraíocht, ach ag an am céanna, aithnítear gur ríthábhachtach iad foghlaim ghairmiúil, tacaíochtaí agus acmhainní le haghaidh cur i bhfeidhm rathúil. Aithnítear leibhéal mór ionchuir ó mhúinteoirí sa chomhairliúchán agus léiríonn an fhreagairt ó mhúinteoirí, a bhí dearfach, dóchas faoin deis atá ann athbheochan a dhéanamh ar an ábhar ós rud é nach ndearnadh aon athrú bríoch air le breis agus scór blianta.

# Tagairtí

An Roinn Oideachais (2022). *Fógraíonn an tAire Foley plean le haghaidh athchóiriú oideachas na Sraithe Sinsearaí - Cothromas agus Sármhaitheas do Chách.* Ar fáil ar https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/preaseisiuinti/fógraíonn-an-taire-foley-plean-le-haghaidh-athchóiriú-oideachas-na-sraithe-sinsearaí-cothromas-agus-sármhaitheas-do-chách/

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2022). *Tuarascáil Chomhairleach ar an tSraith Shinsearach* [ar líne]. Ar fáil ar https://ncca.ie/media/5400/scr-advisory-report_ga.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) 2023a. *Beartas Cosanta Sonraí* [ar líne]. Ar fáil ar https://ncca.ie/ga/acmhainni/beartas-cosanta-sonrai-cncm/

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2023b). *Straitéis Taighde 2023 – 2026* [ar líne]. Ar fáil ar straitéistaighdecncm_2023-2026.pdf

# Aguisín a hAon: Liosta na Rannpháirtithe

Rannchuidigh na heagraíochtaí agus na daoine seo a leanas leis an gcomhairliúchán agus chuir in iúl gur mhian leo a bheith luaite sa tuarascáil deiridh.

Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire (ASTI)
Cumann Forbartha Oideachas na hÉireann (IDEA) - Meitheal Oideachais Fhoirmiúil
Institiúid Scannán na hÉireann
Cumann Náisiúnta Múinteoirí Béarla na hÉireann (INOTE)
Cumann Stadaireachta na hÉireann
Meánscoil na Trócaire, Cnoc an tSeabhaic
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)
An Chomhairle Oidhreachta
WorldWise Global Schools
Orla McHugh
Múinteoir i mBaile Átha Cliath
L F
Alan O'Connor
K Dowling
Aileen Routledge
Janet Leahy
John
E Kenneally
Janette Madigan
O O'Donovan
George Knowall
Laura Flannery
Brídín Delaney
Ashling
Amy Reilly
John Smyth
Sean McCabe
Sinead O Reilly
Amy Noonan
U O Connor
Sinead Joyce
Hugh Holmes
Niall Smith
Brian Hanney
Elaine Dobbyn
Anne Moriarty
Dermot Mc Aree
Kieran Herlihy
Sarah-Louise Horan
C Fisher
Pádraig Leonard
Dara Hogan
Kate Smith
Caroline McNamara
Gemma McGill
Catherine Maher
Margaret Kelly
Gillian Power
Caroline Murphy
Theresa Collevy
Mikey Meally
Róisín Whelan
Michelle OReilly
Ronan Moore
Ruth Kelly
Dearbhla Cussen
Sile Forrest
Joanna Spicer
Rachel E. Kendrick
Eoghan Evesson
Rebecca Hanratty
Nora Sheehan
Enda Fay
Jennifer Corcoran
Clive Mulvey
Rosemarie O Mahony
Sarah Kelly
Phil Hayden
Michael Ruse
Amber Walsh
Shannon Boyle
Sarah Kelly
Ciara O' Donoghue
Suzanne Crowley
Marian O'Driscoll

Shauna Burke
Kevin Daly
Grace O'Connor Donoghue
John O'Connor Donoghue
Brendan O'Donoghue
L.Hackett
Conor Murphy
Beverley Lavin
Scallan Catherine
Joseph Gozito
EGORMLEY
CMCg
Michael Finucane
Daire
Kevin Duffy
Aisling
Shane Kilcline
Tadhg Dunne
Matthew Lynch
Jamie Tyrrell
Alan Nolan
Anderson Smyth
Simon fox
Oskar
Julianne
James Devereux
Ewan McGrath
Emmet Walsh
Sharon Byrne
Kevin Daly
KMc Auliffe
Una McCool
Ciara McManus
Denis Carolan
Eoin
Jennifer McGrath
Jennifer Curran
Kevin Cahill
Luke Hogan
Stephen Reilly
Michelle Jordan
Danny Moran
Sonya Logan
Hannah
Mark Griffin
Mary Brennan
Carolanne Mullooly
Seán O'Dubhuir

Ann Marie Wade
Niall Daly
Rebecca Dempsey Hanratty
Sean McCabe
Fiona Kirwan
Moya O'Sullivan
Sarah D
Frances Palmer
Emma Scully
John O'Regan
Tami Edmonds
Caroline Hennessy
Sandra Adams
Emma Flanagan
Elish Walsh
Frank Bredin/Karen Deering, baill de Wesley College, Baile Átha Cliath (Roinn an Bhéarla)
Claire Nolan
Norah Angland
Paul McCarrick
Pat Murphy
Gareth Doherty
Gillian
Tom o Connell
Alaoise Daly
Jenny Cadden
Brian Sweeney
Sandra Durkan
Kevin Condon

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment